# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 7

## Cur Síos Gairid

**Dáta: 2 Bealtaine 2025**

**Am:** 10.30 a.m. go 2.00 p.m.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Torthaí Foghlama –**<br><br>**Dréacht 2** | Chuir an Feidhmeannas na príomhleasuithe a rinneadh ar na torthaí foghlama idir Dréacht 1 agus Dréacht 2 i láthair, lena n-áirítear tabhairt isteach Snáithe Aontaitheach, teidil snáithe leasaithe, agus torthaí foghlama leathnaithe chun scileanna praiticiúla, inbhuanaitheacht agus litearthacht dhigiteach a neartú. Chuir an mheitheal fáilte roimh an treo foriomlán, ach léirigh siad buarthaí maidir le raon, fairsinge, inrochtaineacht, téarmaíocht, agus ailíniú measúnaithe. Mhol siad mionleasuithe chun soiléireacht, inbhainistitheacht agus dul chun cinn soiléir ón tSraith Shóisearach. Léiríodh buarthaí i dtaca le cothromaíocht agus raon na dtorthaí foghlama ar fud na sonraíochta. |
| **Measúnú** | Thug an Feidhmeannas breac-chuntas ar na paraiméadair mheasúnaithe. Dhearbhaigh siad go gcaithfear measúnú breise ar fiú 40% ar a laghad é a bheith san áireamh i ngach sonraíocht nua nó leasaithe. Mar thoradh air seo, bhí plé ann maidir le glacadh isteach scileanna Eacnamaíochta Baile praiticiúla, ag tabhairt aghaidh ar rochtain dhigiteach agus ar ábhair imní faoin Intleacht Shaorga, agus ag cinntiú go bhfuil an measúnú cothrom, inláimhsithe agus go gcuirtear san áireamh ann aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le bailíocht agus dul chun cinn agus maidir le dúbailt measúnuithe cúrsa eile a sheachaint, m.sh. Óstánaíocht, Lónadóireacht agus Turasóireacht na hArdteistiméireachta Feidhmí. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: 19 agus 20 Bealtaine 2025** |